LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH

# Tionscadal um Ghlasbhealach na Canálach Ríoga: Céim 3



## BILEOG EOLAIS

2.1km

Tá Tionscadal um Ghlasbhealach na Canálach Ríoga: Céim 3 (GCRC3) mar chuid de chroí-Líonra Taistil Ghníomhaigh de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC), agus tá an líonra á mhaoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA). Leis an nglasbhealach, soláthrófar saoráidí siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán feadh bhruach na Canálach Ríoga ar feadh achar 2.1km, ón Trá Thuaidh go Baile Phib. Is príomhbhealach é i bPlean Gréasáin Rothaíochta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath de chuid an NTA. Áirítear leis an tionscadal feabhsuithe sa réimse poiblí, trasrianta coisithe faoi rialú soilse tráchta agus plandú crann

**Cuireann an bhileog seo faisnéis ar fáil faoi dhul chun cinn déanta in 2023 agus na hoibreacha foirgníochta atá beartaithe don bhliain 2024.**



## CAD ATÁ SA BHILEOG SEO?


1 Aitheantas
2 Oícheanta Eolais
3 Dul Chun Cinn go nuige seo
4 Pleanáil maidir le Droichead Binns
5 Clár Oibre 2024
6 Sonraí Teagmhála
7 Tuilleadh Nuashonruithe


## AMLÍNE

| R4 2015 | R2 2022 | R1 2023 | R2 2025 |
|---|---|---|---|
| Cuid 8 Ceadaithe | Tairiscintí Fógartha | Tús leis an Obair Foirgníochta | Obair Foirgníochta Curtha i gcrích |


Tionscadal Eireann
Project Ireland
2040

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## 1 AITHEANTAS

Ba mhaith le Foireann an Tionscadail GCRC3 CCBÁC buíochas a ghabháil le cónaitheoirí, gnólachtaí agus comaitéirí taobh le bealach an tionscadail as ucht a bhfoighne agus as ucht an chomhoibrithe go nuige seo. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil go háirithe le húinéirí réadmhaoine agus le háititheoirí réadmhaoine a d'éascaigh suirbhéireacht réadmhaoine na gconraitheoirí oibreacha, mar aon le húsáideoirí Pháirc Phlás Portland agus le húsáideoirí pháirc líneach na Canálach Ríoga araon. Dá bharr sin, éascaítear soláthar rathúil an tionscadail tógála. Eascraíonn cur isteach sealadach as tionscadail den mhéid seo nach féidir a sheachaint. Tá muid dírithe go leanúnach ar éifeachtaí a íoslaghdú a oiread is féidir. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an bpobal as ucht an chomhoibrithe agus as ucht a bhfoighne leanúnaí, go háirithe ós rud é go mbeidh oibreacha sráide a chuirfidh isteach ar thrácht á ndéanamh ag acomhail bhóthair in 2024.

## 2 OÍCHEANTA EOLAIS

Cuireadh fáilte roimh bhaill an phobail bualadh isteach chun taispeántais faisnéise a fheiceáil, aiseolas a thabhairt, agus bualadh le foireann an tionscadail ag Teachín Oileáin Láibe, An Trá Thuaidh, Dé Máirt, an 4 Aibreán agus ag Leabharlann Bhaile Phib Dé Céadaoin an 12 Aibreán. Bhí freastal maith ar an dá imeacht, agus bhí cuid mhór daoine i láthair gach oíche chun na léaráidí a fheiceáil agus chun ceisteanna a chur ar fhoireann an tionscadail.



Teachín Oileáin Láibe, an 4 Aibreán 2023



Leabharlann Bhaile Phib, an 12 Aibreán 2023

## 3 DUL CHUN CINN GO NUIGE SEO



Bruach na canála a neartú idir Páirc an Chrócaigh agus Droichead Uí Chléirigh



Bunsraith a shuiteáil i leith struchtúr an rampa gar do Pháirc an Chrócaigh



Bá ailt cábla ardvoltais leictreachais a shuiteáil gar do Mheal Charleville



Príomhphíopa gáis a atreorú gar do Loc 3



Droichead nua a shuiteáil ag Loc 3




Droichead nua a shuiteáil ag Loc 3



Cosán nua agus dromchlaí bóthair nua ar Mheal Charleville



Colbhaí an ghlasbhealaigh leagtha idir Loc 3 agus Loc 4



Struchtúr an rampa á thógáil gar do Pháirc an Chrócaigh

# 4 PLEANÁIL MAIDIR LE DROICHEAD BINNS

Ar an 10 Iúil 2023, chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath iarratas pleanála Chuid 8 leasaitheach (Tag. 4110/23) isteach ar an gcead pleanála Chuid 8 a deonaíodh roimhe seo (Tag. 2870/15), faoi Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú). Leis an iarratas seo, beartaíodh feabhsuithe ar an rampa cosáin tarraingthe canála a formheasadh roimhe seo soir ó Dhroichead Binns, taobh le Sráid Dorset Íochtarach.

Críochnaíodh tréimhse an chomhairliúcháin phoiblí ar an 23 Lúnasa 2023 agus fuarthas 12 bharúil faoin dáta deiridh. Measadh i dtuarascáil an phleanálaí don Chomhairle Cathrach iad. Ag cruinniú míosúil den Chomhairle Cathrach ar an 6 Samhain 2023, deonaíodh an ceadú faoi réir trí choinníoll. Tá socruithe á ndéanamh faoi láthair chun tús a chur le hobair foirgníochta ar an rampa seo i bhFeabhra 2024.



Léiriú an Ealaíontóra ar rampa beartaithe ag Droichead Binn

## 5 CLÁR OIBRE AN TIONSCADAIL 2024

Chuir Jons Civil Engineering Ltd. (JCEL), conraitheoir oibreacha do thionscadal GCRC3, tús le móroibreacha tógála in Aibreán 2023, agus dúnadh cosáin tarraingthe canála don phobal ar bhonn céimnithe idir Aibreán agus Meitheamh 2023. Cé go ndearnadh go leor oibre in 2023, tá méid suntasach oibre le déanamh idir anois agus an dáta críochnaithe lena bhfuil coinne in R2 2025. Seo achoimre ar phríomhghnéithe na hoibre beartaithe atá le déanamh le linn 2024.

| Cuid an Chosáin Tarraingthe / Droichead | R1 2024 | R2 2024 | R3 2024 | R4 2024 |
|---|---|---|---|---|
| **Bóthar na Trá Thuaidh go Paráid Chnoc an tSamhraidh** | Dearadh maidir le deisiúcháin ar bhallaí na gcé canála | Príomhphíopa gáis a atreorú; ullmhúcháin le déanamh i leith oibreacha deisiúcháin ar bhallaí na gcé canála | Ballaí na gcé canála a dheisiú | Ballaí na gcé canála a dheisiú; cosán Mheal Charleville thuaidh |
| **Droichead Uí Chléirigh** | Níl aon ghníomhaíocht beartaithe | Níl aon ghníomhaíocht beartaithe | Trasrian coisithe / rothaíochta a shuiteáil | Trasrian coisithe / rothaíochta a shuiteáil |
| **Paráid Chnoc an tSamhraidh go Sráid an Ruiséalaigh** | Deic rampa Shráid an Ruiséalaigh | Deic rampa Shráid an Ruiséalaigh; príomhphíopaí gáis a atreorú | Rampa Dhroichead Uí Cléirigh; píopaí a leagan isteach sa rampaí agus idir na rampaí | Rampa Dhroichead Uí Cléirigh; píopaí a leagan isteach sa rampaí agus idir na rampaí |
| **Droichead Dhomhnach na Fola** | Trasrian coisithe / rothaíochta a shuiteáil | Oibreacha fabhtanna (más gá) | Oibreacha fabhtanna (más gá) | Oibreacha fabhtanna (más gá) |
| **Sráid an Ruiséalaigh go Sráid Dorset** | Deic rampa Shráid an Ruiséalaigh; dúshraitheanna rampa Shráid Dorset | Deic rampa Shráid an Ruiséalaigh; tacaí rampa Shráid Dorset | Deic rampa Shráid Dorset; píopaí a leagan isteach sa rampaí | Píopaí a leagan isteach sa rampaí agus idir na rampaí |
| **Droichead Binns** | Níl aon ghníomhaíocht beartaithe | Sainaithin bealach i gcomhair suiteálacha seirbhísí nua trasna Sráid Dorset | Suiteálacha seirbhíse trasnaithe bóthair agus oibreacha cosáin ar an taobh thiar a chur i gcrích | Trasrian coisithe / rothaíochta a shuiteáil |
| **Sráid Dorset go Bóthar Bhaile Phib** | Píopaí agus colbhaí a leagan; dromchlú a chur síos; tírdhreachú; soilsiú poiblí | Críochnú substaintiúil – athoscailt don phobal | Oibreacha fabhtanna (más gá) | Oibreacha fabhtanna (más gá) |
| **Droichead na gCrosghunnaí** | Trasrian coisithe / rothaíochta a shuiteáil | Críochnú substaintiúil | Oibreacha fabhtanna (más gá) | Oibreacha fabhtanna (más gá) |

Tá Páirc Phlás Portland á húsáid anois ag JCEL mar chompún oibreacha agus le haghaidh rochtana ar an gcosán tarraingthe canála. Déanfar an pháirc a athchóiriú i gcomhairle leis an bpobal áitiúil nuair a bheidh an tionscadal seo críochnaithe.

# 6 SONRAÍ TEAGMHÁLA

Dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoi Thionscadal GCRC3 nó dá mba mhaith leat teagmháil a dhéanamh linn, féach na roghanna thíos:

www.dublincity.ie/rcgp3 (Déan scanadh orm)

activetraveloffice@dublincity.ie with subject leis an ábhar: 'Tionscadal GCRC3'

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árainn, Cé Árainn, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH

Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: (01) 222 2536

Is seirbhís foláireamh SHAOR é DCC Alerts ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Chun nuashonruithe a fháil faoi na hoibreacha a bhaineann le Tionscadal RCGP3 cláraigh ag https://alerts.dublincity.ie/

---

Le dul i dteagmháil leis an gconraitheoir oibreacha, Jons Civil Engineering Ltd, féach na roghanna seo thíos:

www.jonscivil.ie (Déan scanadh orm)

royalcanal3@jonscivil.ie

Jons Civil Engineering Ltd, Baile Chearráin, Damhliag, Co. na Mí, A92 K654

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal: (087) 463 4892

# 7 TUILLEADH NUASHONRUITHE

Is féidir na léaráidí deartha de Thionscadal GCRC3 a fheiceáil ag:

- Lárleabharlann, Ionad ILAC, Sráid Anraí, Baile Átha Cliath 1, D01 DY80
- Leabharlann Bhaile Phib, Droichead Blacquiere, Bruach na Canálach Ríoga, Baile Phib, Baile Átha Cliath 7, D07 VX54
- Leabharlann Dhroim Chonrach, Ascaill Chnocán an Mhuilinn, Baile Átha Cliath 9, D09 PT78
- Leabharlann Mheal Charleville, Meal Charleville, an Trá Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 AX99 · www.dublincity.ie/rcgp3

Soláthrófar nuashonruithe rialta maidir le socruithe bainistíochta tráchta sealadacha de réir mar a leanfaidh na hoibreacha ar aghaidh.

Tá súil againn go raibh an bhileog eolais seo úsáideach. Beidh tuilleadh nuashonruithe ar fáil le linn sheachadadh Thionscadal GCRC3